



Beaumont Hospital

Ospidéal Beaumont



AG OBAIR LE CHÉILE CHUN CÚRAM ARDCHAIGHDEÁIN A CHOThÚ

Clár Ábhair

Brollach **4**

Réamhrá **5**

Eolas faoi Ospidéal Beaumont **6**

Ár bPlean Straitéiseach 2025-2030
a Fhorbairt **12**

Ár dTosaíochtaí agus Spriocanna
Straitéiseacha **13**

Ár nOthair **16**

Ár bhFoireann agus Ár gCultúr **18**

Ár Rialachas Cliniciúil
agus Corparáideach **20**

Ár mBonneagar Fisiciúil,
Diagnóiseach agus Digiteach **22**

Ár bPróifíl Seirbhíse Náisiúnta,
Réigiúnach agus Áitiúil **24**


Ár gComhpháirtíochtaí Cliniciúla,
Oideachais agus Taighde **26**

Ár bhFeidhmíocht, Ár dTáirgiúlacht
agus Ár nInbhuanaitheacht **28**

Straitéis a Chur i bhFeidhm agus
Rath a Mheas **30**



Ár 7 dTosaíocht Straitéiseacha



Ár bhFís

Eispéireas othar ardchaighdeán a chinntiú trí chúram a dhíríonn ar an todhchaí, cumasú agus folláine foirne, oideachas den chéad scoth agus taighde nuálach



Brollach

Mar Chathaoirleach Bhord an Ospidéil Beaumont, tá áthas orm a dheimhniú go dtacaíonn Bord an Ospidéil Beaumont go hiomlán le Plean Straitéiseach 2025-2030 Ospidéal Beaumont.

An misean atá againn ná “Cúram, oideachas agus taighde ardchaighdeán a sholáthar dár n-othair” agus mar sin, is i gcroílár an phlean straitéisigh seo atá ár dtiomantas a áirithiú go bhfuilimid in ann cúram a sholáthar dár n-othair ar bhealach cuí, tráthúil agus inbhuanaithe nuair is gá.

Chun é seo a dhéanamh go rathúil, tuigimid nach mór dúinn dul i gcomhar le Dochtúirí Ginearálta, Soláthraithe Pobail agus ospidéal eile lena chinntiú go bhfuil rochtain ag ár bpobal ar chúram práinneach cuí nuair is gá. Tá ról ríthábhachtach ag Beaumont mar sholáthraí cúraim sláinte laistigh dár bpobal féin ach mar ionad barr feabhais a aithnítear go náisiúnta do speisialtachtaí casta éagsúla freisin, lena n-áirítear ailse, néareolaíocht, agus trasphlandú. Mar an Príomhospidéal Múnla 4 i Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt maidir le máinliacht chasta agus ardchúram ar fud 54 speisialtacht leighis, táimid tiomanta do thacaíocht éifeachtach a thabhairt d’áiseanna eile inár Réigiún agus inár Limistéar Sláinte Comhtháite.

Ag Ospidéal Beaumont, creidimid go bhfuil ár bhfoireann agus ár gcultúr ag croílár ár n-ospidéal agus is bunchloch iad do cháilíocht an chúraim a chuirimid ar fáil dár n-othair. Trí “Ár bhFoireann agus Ár gCultúr” a roghnú mar cheann de na seacht dtosaíocht straitéiseacha atá againn, aithnímid go bhfuil tionchar díreach ag folláine, scileanna, agus spreagadh na foirne ar ár gcumas cúram ardchaighdeán, atruach, a dhíríonn ar an othar a sholáthar. Ina theannta sin, oibrímid lenár n-ionadaithe polaitiúla, an Roinn Sláinte agus an FSS, agus aithnímid nach mór dúinn aghaidh a thabhairt ar na heasnamh inár mbonneagar fisiciúil, digiteach agus diagnóiseach atá ag teastáil chun tacú lenár seirbhísí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Uas. Pauline Philip

Cathaoirleach, Ospidéal Beaumont



Réamhrá

Leagann Plean Straitéiseach Ospidéal Beaumont 2025-2030, atá dírithe ar riar ar riachtanais ár n-othar, amach ár n-aidhm chun ár bhfoireann, ár seirbhísí agus ár mbonneagar a fhorbairt ina dtacaítear le gníomhaíochtaí áirithe a ghlacfaimid sna cúig bliana atá amach romhainn chun an aidhm seo a bhaint amach.

Cuireann ár bplean straitéiseach nua le dúshraith barr feabhais Beaumont, agus déanann sonraí sláinte poiblí, sonraí daonáirimh 2022 agus sonraí ospidéal na n-othar cónaitheach agus na n-othar seachtrach, agus tuairimí a fuarthas ónár seisiúin rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara eolas dó. Cuireann sé treoirphlean a dhíríonn ar an todhchaí ar fáil lena chinntiú go bhfreastalaímid ar riachtanais an cheantair áitiúil atá ag dul in aois, atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta agus ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha, ar riachtanais máinliachta casta agus ardchúraim othar ar fud Réigiún Sláinte Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Thoir Thuaidh agus ar othair a theastaíonn rochtain ar ár seirbhís náisiúnta aille, trasphlandaithe agus néareolaíochta (lena n-áirítear néaramháinliacht, néareolaíocht, stróc, ionphlandú cochla, néar-aonad dianchúraim).

Tuigimid gur chóir an-aird a thabhairt ar tháirgiúlacht a fheabhsú, fad fanachta a laghdú agus comhoibriú le comhpháirtithe pobail chun cúram fíorchomhtháite a sholáthar agus muid ag athsmaoineamh agus ag athchóiriú ar an dóigh a gcuirimid cúram práinneach agus éigeandála ar fáil. Tá sé ar intinn againn a bheith an t-ospidéal a roghnaíonn oibrithe cúraim sláinte, mic léinn agus oiliúnaithe ar fud na tíre agus tacú le taighde a bhraitheann ar chomhpháirtíocht othar agus nuálaíocht agus é seo a chothú. Bainfidh an aidhm seo amach trí oibriú go dlúth lenár bpríomhchomhpháirtí acadúil, Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI, agus Ollscoileanna eile.

Táimid ag tnúth le torthaí othar a fheabhsú, nuálaíocht leighis a chothú, agus forbairt inbhuanaithe a chinntiú, ina dtreoróidh ár luachanna: Barr Feabhais, Atrua, Meas agus Cúram Ardchaighdeán Othar-Lárnach agus lena dtacóidh sainfoireann a bhfuil taithí uirthi agus comhpháirtíochtaí comhoibriúchá aitheanta.

Anne Coyle

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Ospidéal Beaumont



Osclaíodh an t-ospidéal in 1987

4,935

BALL FOIRNE ar fud na heagraíochta



851 Leaba

30 LEABA

CÚRAIM CHRITICIÚIL

54

SPEISIALTACHT LEIGHIS



Eolas faoi Ospidéal Beaumont

Tá Ospidéal Beaumont, a bunaíodh in 1987, ar cheann de na hospidéal Múnla 4 is mó in Éirinn, ina bhfostaítear breis agus 4,935 gairmí cúraim sláinte agus ina gcuirtear sainseirbhísí éagsúla ar fáil ar fud 54 speisialtacht leighis.

Le 851 leaba, lena n-áirítear 30 leaba cúraim chriticiúil tiomnaithe, agus breis agus 220,000 coinne othar seachtrach á láimhseáil aige gach bliain, tá Beaumont in áit uathúil chun cúram othar, oideachas agus taighde ardchaighdeán a sholáthar, agus ról lárnach a ghlacadh maidir leis an tseirbhís sláinte a athrú ó bhonn.

Aithnítear Ospidéal Beaumont go hidirnáisiúnta agus deimhníonn comhlachtaí creidiúnaithe idirnáisiúnta éagsúla an t-ospidéal lena n-áirítear Eagraíocht Institiúidí Ailse na hEorpa (OECI), Eagraíocht Stróc na hEorpa (ESO) agus Eurospine.

Creidiúnuithe Idirnáisiúnta



Príomhospidéal Oiliúna Acadúil

Is é Ollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI (Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn) príomhchomhpháirtí acadúil oideachais agus taighde an Ospidéal Beaumont. Tá RCSI, a bunaíodh in 1784, sa chúigiú háit ar domhan maidir le SDG3 Dea-Shláinte agus Folláine i Ranguithe Tionchair 2024 de chuid Times Higher Education (THE). Táimid ag obair go dlúth le chéile le beagnach 40 bliain anuas le bheith ar thús cadhnaíochta maidir le hoiliúint a chur ar na glúnta gairmithe leighis atá le teacht agus taighde a bhfuil an-tionchar aige a dhéanamh. Tá naisc ag Ospidéal Beaumont le hinstiúidí acadúla eile freisin, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath go mór mór, go háirithe maidir le hoideachas agus oiliúint altraí.



Cúram Ardchaighdeáin Áitiúil, Réigiúnach agus Náisiúnta a Sholáthar

Chomh maith le Seirbhísí Náisiúnta agus Réigiúnacha éagsúla a sholáthar, cuireann Ospidéal Beaumont géarchúram ar fáil do bhreis agus 500,000 duine ina ospidéalcheantar áitiúil.

Inár n-ospidéalcheantar:

- Cónaíonn céatadán an-ard seandaoine ina n-aonar i gcomparáid le háiteanna eile in Éirinn.
- Cónaíonn duine as gach ceathrar i gceantair atá i measc na gceantar is díothaí ar fud na tíre
- Tá próifíl aoise níos sine i gcomparáid le Réigiún Sláinte Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Thoir Thuaidh agus leis an tír ina hiomláine.

Táimid tiomanta dár mbonneagar TF a athrú agus a nuachóiriú de réir “Tionscadal Coral” agus táimid ag tnúth le ról lárnach a ghlacadh maidir le tionscnaimh náisiúnta um shláinte dhigiteach a chur i bhfeidhm.

Tacú le cúram comhtháite

Trínár gclinic satailíte cliniciúil comhtháite pobail in Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni, Seantrabh agus trínár seirbhísí máinliacha, athshlánaithe, raideolaíochta agus cúram lae ag an dara suíomh atá againn in Ospidéal Naomh Seosamh, Ráth Eanaigh

Ról lárnach a ghlacadh i Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt

Is ospidéal Múnla 4 rithábhachtach é Ospidéal Beaumont laistigh dár réigiún Sláinte - is é seo an Réigiún Sláinte FSS is mó, a bunaíodh le déanaí, a fhreastalaíonn ar bhreis agus milliún duine.



>62,000

LÍON NA NOTHAR
A FHREASTALAÍONN AR
AN RANNÓG ÉIGEANDÁLA
in aghaidh na bliana



>28,000

LÍON NA
NOTHAR CÓNAITHEACH
in aghaidh na bliana

>71,000

GNÁTHAMH LAE in
aghaidh na bliana



“D’athraigh mo shaol ó bhonn nuair a cuireadh m’ainm ar liosta le haghaidh trasphlandú duáin san aois ina bhfuil mé, agus níorbh athrú chun feabhais é. Is mór dúshlán a tháinig romham agus thug Ospidéal Beaumont tacaíocht dom le linn an ama seo”

Keith,

Othar Ospidéal Beaumont

Ionaid Barr Feabhais Óstacha um Néareolaíocht, Ailse agus Trasphlandú Duáin


An tIonad Náisiúnta Néareolaíochta is mó in Éirinn



- > Néaramháinliacht
- > Cúram néar-dhian
- > Raidelaíocht néar- idirghabhálach & Stróc
- > Néareolaíocht
- > Otairinealaraingeolaíocht
- > Néaraifhiseolaíocht
- > Néara-inchríneolaíocht
- > Néarapaiteolaíocht
- > Néara-athshlánúchán
- > Máinliacht chráiniach

Is é Ospidéal Beaumont an tIonad Náisiúnta Néareolaíochta is mó in Éirinn, agus soláthraíonn sé réimse seirbhísí comhtháite náisiúnta nach bhfuil ar fáil in aon áit eile amhail néaramháinliacht, néar-oinceolaíocht, raideolaíocht néar-idirghabhálach, néareolaíocht, ota-iaraingeolaíochta (ENT), néaraifhiseolaíocht, ionphlandú cochla, aidréinealeocatóime róbataice, máinliacht phiotútach agus néara-inchríneolaíocht chasta. Is in Ospidéal Beaumont atá an t-aon obrádlann néaramháinliachta chumaisc in Éirinn suite agus cumasaíonn sé cuir chuige chomhcheangailte, oscailte agus ionsoithíocha.

Ionad Ailse ag a bhfuil Creidiúnú OECl a aithnítear go náisiúnta



>Cuirtear
cóireáil ar
4,500
AILSE NUA
GACH BLIAIN



11
SAINGHRÚPA
GALAIR
CÚRAM
AILSE



Is Ionad Ailse a aithnítear go náisiúnta é Ospidéal Beaumont. Comhoibriú idir Ospidéal Beaumont, Líonra Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcas (SLRON) ar an gcampas Beaumont, agus RCSI is ea an tIonad Ailse RCSI Beaumont. Cuireann an t-ionad seirbhísí oinceolaíochta comhtháite, cuimsitheacha ar fáil lena n-áirítear diagnóis, cóireáil, agus cúram leantach d'othair ailse. In Aibreán 2022, ní bhfuair ach an tIonad seo agus Ionad Ailse a Aithnítear go Náisiúnta eile creidiúnú ó Eagraíocht Institiúidí Ailse na hEorpa (OECl), a d'aithin tiomantas an ionaid maidir le cúram ailse, oideachas agus taighde ardchaighdeán a sholáthar.

SEIRBHÍS
NÁISIÚNTA
UM AILSE
PHÉINIS
AGUS SIADAÍ
CRÁINIACHA



Ionad Náisiúnta um Thrasphlandú Duáin

Tá Seirbhís Náisiúnta na hÉireann um Thrasphlandú Duáin (NKTS) bunaithe ag Ospidéal Beaumont agus cuireann sí an chóireáil is éifeachtaí ar fáil do ghalar duán sa chéim dhéanach. In 2023, rinneadh 189 trasphlandú duáin ag Ospidéal Beaumont agus, ag deireadh na bliana seo, bhí trasphlandú duáin a bhí ag feidhmiú ag 2,730 duine. Le 18 mbliana anuas, rinneadh 549 trasphlandú duáin mar gheall ar Chlár Deontóirí Beo Ospidéal Beaumont. Bhain an NKTS sprioc suntasach amach le déanaí, mar rinneadh an 6,000^ú trasphlandú duáin ónar bunaíodh é.

BREIS AGUS
6,000
TRASPHLANDÚ
DUÁIN
ÓNA BHUNÚ



Tá a lán Seirbhísí Náisiúnta Máinliachta agus Géarchúram casta eile freisin, lena n-áirítear:

- > Ionad Náisiúnta um Ionphlandú Cochla
- > Seirbhís Náisiúnta Trombasachtóime
- > Ionad Náisiúnta Faisnéise Nimheanna
- > Seirbhís Náisiúnta Histeo-chomhoiriúnachta agus Imdhíonghéineolaíochta um Thrasphlandú Orgánacha Soladacha (NHSSOT)
- > Ionad Náisiúnta Uireasa Antitripsin Alfa-1
- > Ionad Duán Beaumont: an soláthraí teiripe athsholáthair duán is mó in Éirinn
- > Ionaid Éireannacha um Ghalar Scamhóige Géiniteach, Galar Duán Neamhchoitanta agus Fibróis Scamhóige Dhúchais
- > Ionad Náisiúnta um Chliseadh Riospráide Néaramhatánach
- > Idirghabhálacha ionscópacha casta lena n-áirítear Dioscadh Fomhúcóis Ionscópach (ESD), ionscópacht domlais chasta agus ultrafhuaime ionscópach idirghabhálach (EUS).

>100

IONPHLANDÚ
COCHLA in aghaidh
na bliana



>409

TROMBASACHTÓIME
in aghaidh na bliana



>220

MÁINLIACHT LE
CUIDIÚ RÓBAT
in aghaidh na bliana

Raideolaíocht agus Diagnóisic Saotharlainne Ardleibhéil a Sholáthar

Déanann Ospidéal Beaumont breis agus 20 milliún tástáil saotharlainne, 244,000 tástáil raideolaíochta agus láimhseálann sé breis agus 220,000 coinne othar seachtrach gach bliain. Ba é an tOspidéal an chéad suíomh in Éirinn chun Córas Náisiúnta na Faisnéise Saotharlainne – MedLIS i chur i bhfeidhm go rathúil.



>220,000

LÍON NA NOTHAR A
FHREASTALAÍONN AR
RANNÓG NA NOTHAR
SEACHTRACH in aghaidh na bliana



>244,000

TÁSTÁIL
RAIDEOLAÍOCHTA
in aghaidh na bliana

>20milliún

TÁSTÁIL
SAOTHARLAINNE
in aghaidh na bliana



Ár Rialachas

Feidhmíonn Ospidéal Beaumont faoi Chomhaontú ar Leibhéal na Seirbhíse Alt 38 le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus tá gníomhaíochtaí éagsúla a dhéanann Ospidéal Beaumont leagtha amach ann. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta a oibríonn i gcomhar le FSS


freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil Ospidéal Beaumont agus is féidir Bord an Ospidéil Beaumont maoirseacht a dhéanamh air seo. Tá an Bord freagrach don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as dea-rialachas agus comhlíonadh le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a chinntiú.



An Aidhm atá againn don Todhchaí




1. Creidiúnú an Ionaid Ailse Chuimsithigh OECI



2. Creidiúnú Joint Commission International (JCI)



3. Athrú Digiteach trí Thionscadal Coral



4. Forbairt Caipitil Nua lena n-áirítear:

- > Bloc nua 95 leaba
- > Rannóg éigeandála nua atá oiriúnach dá feidhm
- > Foirgneamh cúraim chriticiúil nua
- > Aonad ionscópachta nua
- > Ceathrú Ailse
- > Institiúid Néareolaíochta



5. Raideolaíocht agus diagnóisic saotharlainne ardleibhéil inár suíomhanna satailíte comhtháite pobail

Forbairt ár bPlean Straitéisigh

Próiseas cuimsitheach a bhí i gceist maidir lenár bplean straitéiseach a chruthú, a stiúir Bord agus Grúpa Bainistithe Feidhmiúcháin an Ospidéil, lenar thacaigh Foireann Bainistíochta Tionscadail Forbartha Straitéise agus rinne tuairimí ár bpáirtithe leasmhara éagsúla eolas dó.

Éisteacht lenár n-othair

Bhí rannpháirtíocht othar agus foirne lárnach i bhforbairt ár bplean straitéisigh nua. Cuireadh tuairimí ón Suirbhé Náisiúnta ar Eispéreas Othar leis na mionseisiúin rannpháirtíochta othar chun aiseolas díreach agus tuairimí ár n-othar a fháil.

Rannpháirtíocht lenár bhfoireann agus lenár bpáirtithe leasmhara

Rinneadh breis agus 150 seisiún forbartha straitéise duine ar dhuine, a chuir an stiúrthóireacht agus rannóg na seirbhíse cliniciúla ar bun, chomh maith le suirbhéanna foirne agus seisiúin eolais. Bhí comhairliúcháin sheachtracha le Dochtúirí Ginearálta, comhpháirtithe scaoilte, ionadaithe polaitiúla, ionadaithe FSS réigiúnacha agus náisiúnta agus comhpháirtithe ollscoile amhail RCSI agus OCBÁC freisin.

Aghaidh a thabhairt ar riachtanais láithreachta

Rinneamar anailís ar dhéimeagrafaic daonra agus ar ghníomhaíocht ospidéil inár n-ospidéalcheantair d'fhothchomhairle ar chúram a fheabhsú trí ghéarsheirbhísí agus seirbhísí pobail a chomhtháthú (dá ngairtear “cúram comhtháite” anseo feasta), bealaí cúraim práinneacha a athchóiriú, agus táirgiúlacht a fheabhsú. Ina theannta sin, d'éirigh linn infheistíocht a urrú d'fhorbairtí bonneagair caipitil a bhí géarghá leo a leagtar amach i bplean forbartha caipitil na FSS reatha chun tacú lenár seirbhísí d'othair chónaitheacha, d'othair chásanna lae agus d'othair sheachtracha.

Díriú ar an todhchaí

Is ionad barr feabhais é Beaumont a aithnítear go náisiúnta do speisialtachtaí casta éagsúla, go háirithe ailse, néareolaíocht, agus trasphlandú. Aithníodh creidiúnú a fháil ón Ionad Cuimsitheach OEI agus JCI mar bhealach oibiachtúil chun ár dtiomantas do chúram othar ardchaighdeán a sholáthar a léiriú. Téann an aidhm atá againn Ceathrú Ailse den chéad scoth, Institiúid Néareolaíochta atá chun tosaigh ar leibhéal domhanda, seirbhís fhorleathan trasphlandaithe, agus máinliacht chasta agus leigheas pearsantaithe a fhorbairt, agus gníomhú mar phríomhshuíomh píolótach do nuálaíocht náisiúnta um shláinte dhigiteach i bhfeidhm ar ár bplean straitéiseach freisin.


Ár 7 dTosaíocht Straitéiseacha

Tríd an bpróiseas forleathan seo, d'aithníomar seacht bpríomhthosaíocht straitéiseacha chun ár n-iarrachtaí a threorú sna cúig bliana ata amach romhainn:

1. Ár nOthair
2. Ár bhFoireann agus Ár gCultúr
3. Ár Rialachas Cliniciúil agus Corparáideach
4. Ár mBonneagar Fisiciúil, Diagnóiseach agus Digiteach
5. Ár bPróifíl Seirbhíse Náisiúnta, Réigiúnach, agus Áitiúil
6. Ár gComhpháirtíochtaí Cliniciúla, Oideachais agus Taighde
7. Ár bhFeidhmíocht, Ár dTáirgiúlacht agus Ár nInbhuanaitheacht

Spriocanna Straitéiseacha agus Pleananna Gníomhaíochta

Aithníodh spriocanna straitéiseacha freisin lenár n-iarrachtaí agus lenár bpleananna gníomhaíochta mionsonraithe a dhíriú ar a chinntiú go bhfuil na céimeanna sonracha atá ag teastáil chun na spriocanna seo a bhaint amach i bhfeidhm.



Ár 7 dTosaíocht Straitéiseacha

01

Ár nOthair



02

Ár bhFoireann agus
Ár gCultúr



03

Ár Rialachas Cliniciúil
agus Corparáideach



04

Ár mBonneagar Fisiciúil,
Diagnóiseach agus Digiteach



Ár Spriocanna Straitéiseacha

- I An t-eispéireas othar a fheabhsú trí chumarsáid éifeachtach agus oscailte.
- II Othair a chumasú páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcúram féin.
- III Bealaí cúraim éigeandála nuálacha a chur i bhfeidhm chun an cúram ceart a sholáthar san áit cheart.
- IV Rochtain othar ar chúram sceidealta a chosaint.
- V Bealaí cúraim a bharrfheabhsú d'othair chónaitheacha, d'othair lae agus d'othair a scaoileadh amach as an ospidéal.

- I Foireann ardchaighdeán a tharraingt, a fhorbairt agus a choinneáil.
- II Cultúr a chothú a dhíríonn ar mheas, cáilíocht, sábháilteacht agus trédhearcacht.
- III Cleachtais chomhoibríocha sholúbtha chumaisc oibre a chumasú.
- IV Folláine agus éagsúlacht foirne a chur chun cinn.
- V Baill foirne a chumasú agus tacú leo barr a gcumais a bhaint amach.

- I Leas a bhaint as creataí rialachais chorparáidigh reatha agus nua lena chinntiú go mbainimid ár spriocanna straitéiseacha amach.
- II Ár bhfreagracht agus rialachas cliniciúil a neartú chun cúram ardchaighdeán, sábháilte, othar-lárnach a sholáthar.
- III Bealaí cúraim a chur ar bhonn foirmiúil trí úsáid a bhaint as príomhtháscairí feidhmíochta agus monatóireacht ar thorthaí cliniciúla.
- IV Cleachtais rialachais chomhroinnte a fhorbairt sa cheantar chun tacú le cúram comhtháite agus aistrithe sábháilte cúraim.

- I Infheistíocht a urrú do bhonneagar a bhfuil géarghá leis.
- II Úsáid an bhonneagair reatha a uasmhéadú.
- III Ár gcumas digiteach agus úsáid na teicneolaíochta digití agus seirbhísí á soláthar a athrú ó bhonn.
- IV Ardíomháu agus cumas diagnóiseach saotharlainne a mhéadú.

05

Ár bPróifíl Seirbhíse Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil



06

Ár gComhpháirtíochtaí Cliniciúla, Oideachais agus Taighde



07

Ár bhFeidhmíocht, Ár dTáirgiúlacht agus Ár nInbhuanaitheacht



- I Ár n-ionaid barr feabhais aipse, néareolaíochta agus trasphlandú duáin a aithnítear go náisiúnta a fheabhsú.
- II Próifíl agus branda Ospidéal Beaumont a fhorbairt.
- III Máinliacht chasta agus ardchúram a threorú i Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt.
- IV Cúram comhtháite agus athrú digiteach a spreagadh.


- I Ár gcumas, ár n-inniúlacht agus ár dtionchar a fhorbairt trí chomhpháirtíocht le RCSI, carthanachtaí, lucht tionscail agus ollscoileanna eile.
- II Taighde a bhraitheann ar chomhpháirtíocht othar agus forbairt seirbhísí a chumasú.
- III Timpeallacht oideachais agus teagaisc ardchaighdeáin a sholáthar.
- IV Úsáid áiseanna roghnacha, satailíte agus pobail a uasmhéadú inár gceantar.
- V Cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara ospidéil.

- I Cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú chun éifeachtacht agus táirgiúlacht a fheabhsú.
- II Ár n-acmhainneacht maoinithe atá bunaithe ar ghníomhaíocht a bhaint amach.
- III Úsáid na faisnéise gnó digití a uasmhéadú chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht agus tacú léi.
- IV Úsáid acmhainní a bharrfheabhsú chun táirgiúlacht agus luach a fheabhsú.
- V Ár dtionchar timpeallachta a íoslaghdú trí chleachtais inbhuanaithe.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 01

Ár nOthair

Tá ár n-othair i gcoilár gach a ndéanaimid mar ospidéal agus is iad an phríomhchúis leis an ospidéal a bheith ann. Is é an comhthiomantas chun cúram ardchaighdeán atruach a sholáthar dár n-othair ón gcéad chuairt agus ar aghaidh trí gach céim dá gcúram san ospidéal a spreagann muid. Tá sé ar intinn againn cóireáil a chur ar thinnis ach eispéireas a chruthú freisin ina mothaíonn othair eolach, cumasaithe agus go bhfuil meas orthu. Sna cúig bliana atá amach romhainn, bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí agus bealaí cúraim nuálacha nua chun feabhas a chur ar an dóigh a gcuirimid cúram ar fáil agus sásamh othar a mhéadú trí chumarsáid shoiléir agus tionscnaimh chumasaithe othar.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **An t-eispéireas othar a fheabhsú trí chumarsáid éifeachtach agus oscailte**

An aidhm atá againn ná lena chinntiú go bhfuil eolas maith ag othair, a dteaghlaigh, agus a nDochtúirí Ginearálta ar an sceideal cúraim, ar an mbealach cóireála, agus ar a bhfuiltear ag súil leis ag gach céim.

> **Othair a chumasú páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcúram féin**

An aidhm atá againn ná othair a chumasú páirt ghníomhach a ghlacadh ina dturas cúraim sláinte trí thimpeallacht cúraim a chothú a thugann aird ar roghanna othar agus a thugann deis dóibh a dtuairimí a chur in iúl maidir lena dturas cúraim sláinte.

> **Bealaí cúraim éigeandála nuálacha a chur i bhfeidhm chun an cúram ceart a sholáthar san áit cheart**

An aidhm atá againn ná ár mbealaí cúraim éigeandála a athchóiriú ionas go bhfaigheann othair a theastaíonn cúram éigeandála an chóireáil is cuí san áit cheart.

> **Rochtain othar ar chúram sceidealta a chosaint**

An aidhm atá againn ná rochtain leanúnach ar féidir brath uirthi ar sheirbhísí cúraim leighis sceidealta riachtanacha a sholáthar.

> **Bealaí cúraim a bharrfheabhsú d'othair chónaitheacha, d'othair lae agus d'othair a scaoileadh amach as an ospidéal**

An aidhm atá againn ná a chinntiú go bhfaigheann othair cúram comhtháite réidh ón ospidéal agus ó sholáthraithe cúraim sláinte pobal-bhunaithe.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

- > Athróidh an cur chuige a bhaineann leis an dóigh a ndéanaimid cumarsáid lenár n-othair, lena nDochtúirí Ginearálta, agus laistigh den ospidéal ó bhonn.
- > Déanfar athchóiriú ar chuir chuige maidir le géarchúram agus cúram éigeandála chun agaí feithimh a laghdú agus turas an othair a chuíchóiriú.
- > Bunófar Clár Saorálaithe Ospidéal Beaumont.

Laistigh de thrí bliana:

- > Beidh othair agus Dochtúirí Ginearálta in ann coinní cúraim sceidealta a chlárú iad féin.
- > Beidh ráta cealaithe nialasach do ghnáthaimh sceidealaithe laistigh de 48 uair an chloig ón ngnáthamh.
- > Beidh cur chuige soiléir a bhraitheann ar chomhpháirtíocht othar maidir le dearadh bonneagair agus soláthar seirbhísí ar fud an ospidéil.

Laistigh de chúig bliana:

- > Is é Ospidéal Beaumont an t-ospidéal poiblí is fearr in Éirinn de réir Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach.
- > Beidh rátaí ísle athiontrála d'othair leighis agus máinliachta araon i rith an ama.
- > Beidh rochtain ar dhiagnóisic agus cóireálacha nuálacha, lena n-áirítear ardghéanómaíocht, beachtleigheas, agus teiripe cille agus géinteiripe.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 02

Ár bhFoireann agus Ár gCultúr

Aithnímid go bhfuil ról tábhachtach ag ár bhfoireann agus ag an gcultúr a chothaímid maidir le cúram sláinte ardchaighdeán a sholáthar agus ár n-aidhmeanna eagraíochtúla a bhaint amach.

Tá tionchar díreach ag folláine, forbairt agus rannpháirtíocht ár bhfoirne ar shásamh othar, cáilíocht cúraim, sásamh foirne, agus cáil an ospidéil.

Forbraímid timpeallacht inar féidir le gach duine a bheith faoi rath trí aird a dhíriú ar fhoireann ardchaighdeán a tharraingt, a fhorbairt, agus a choinneáil, cultúr cóir bunaithe ar mheas agus ar chomhoibriú a chur chun cinn, agus tacú lenár bhfoireann barr a gcumais a bhaint amach.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **Foireann ardchaighdeáin a tharraingt, a fhorbairt agus a choinneáil**

An aidhm atá againn ná cúram othar ardchaighdeáin leanúnach a chinntiú trí fhoireann ardchaighdeáin a tharraingt agus a choinneáil.

> **Cultúr a chothú a dhíríonn ar mheas, cáilíocht, sábháilteacht agus trédhearcacht**

An aidhm atá againn ná cultúr cóir a chothú ina bhfuil meas, sábháilteacht agus cáilíocht ina ndlúthchuid de gach caidreamh.

> **Cleachtais chomhoibríocha sholúbtha chumaisc oibre a chumasú**

An aidhm atá againn ná obair foirne idirdhisciplíneach agus cleachtais oibre sholúbtha a spreagadh agus cabhrú le baill foirne barr a gcumais a bhaint amach trí chleachtais oibre sholúbtha, chumaisc agus chomhoibríocha a fhorbairt.

> **Folláine agus éagsúlacht foirne a chur chun cinn**

An aidhm atá againn ná tacú le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú agus iad a chur chun cinn chomh maith le meabhairshláinte, folláine coirp agus folláine mothúchán ar bhfoirne trí chláir, acmhainní agus cultúr tacúil.

> **Baill foirne a chumasú agus tacú leo barr a gcumais a bhaint amach**

An aidhm atá againn ná cuspóir, cumasú, agus rannpháirtíocht a bhaint amach trí dheiseanna forbartha gairme, deiseanna forbartha scileanna agus deiseanna ceannaireachta claochlaithí a chur ar fáil dár bhfoireann.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

- > Tiocfaidh feabhas mór ar ár gcur chuige maidir le cumarsáid, rannpháirtíocht agus aitheantas foirne.
- > Bunófar bealaí earcaíochta cuíchóirithe.
- > Beidh tionchar ag aiseolas foirne ar thionscnaimh folláine agus forbartha trí shuirbhéanna leathbhliantúla ar aigne na foirne agus agallaimh fágála.

Laistigh de thrí bliana:

- > Comhtháthófar ardán Acmhainní Daonna go hiomlán ina mbeidh an fhoireann ar fad in ann teacht ar acmhainní bunriachtanacha agus deiseanna forbartha gairme iad féin.
- > Beidh clár ceannaireachta claochlaithí d'fhoireann chiniciúil agus neamhchliniciúil araon.
- > Beidh an fhoireann in ann oibriú ag barr a gceadúnais, agus cuirfidh siad go hiomlán le cúram othar agus obráidí ospidéal

Laistigh de chúig bliana:

- > Aithneofar Ospidéal Beaumont mar an príomhospidéal oiliúna acadúil i mBaile Átha Cliath do ghairmithe cúraim sláinte, do mhic léinn agus dóibh siúd ag tabhairt faoi ardoiliúint.
- > Aithneofar Ospidéal Beaumont go forleathan dá chultúr cóir atá fréamhaithe i bhfoghlaim, i bhfeabhas, agus in atrua.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 03

Ár Rialachas Cliniciúil agus Corparáideach

Tá struchtúir chliniciúla agus rialachais láidre ríthábhachtach chun muinín a chothú i measc ár n-othar, ár bhfoirne, agus an phobail agus tá siad riachtanach chun na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach sa phlean straitéiseach seo a bhaint amach.

Táimid tiomanta do thrédhearcacht agus freagracht chóir leanúnach ar fud ár bhfeidhmeanna cliniciúla agus riaracháin a chinntiú, ár bpróisis bhainistíochta riosca a fheabhsú agus trí iniúchtaí rialta, measúnuithe feidhmíochta, agus córais aiseolais, timpeallacht foghlama a thacaíonn le barr feabhais a chothú.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **Leas a bhaint as creataí rialachais chorpáidigh reatha agus nua lena chinntiú go mbainimid ár spriocanna straitéiseacha amach**

An aidhm atá againn ná freagracht oibríochtúil a sholáthar don phlean straitéiseach seo a chur i bhfeidhm trínár spriocanna straitéiseacha a chur i bhfeidhm de réir pleananna ár nGrúpa Bainistithe Feidhmiúcháin (EMB), pleananna rannacha agus pleananna forbartha foirne.

> **Ár bhfreagracht agus rialachas cliniciúil a neartú chun cúram ardchaighdeán, sábháilte, othar-lárnach a sholáthar**

An aidhm atá againn ná na caighdeáin is airde maidir le cúram agus sábháilteacht othar a choinneáil trí bhearta cáilíochta struchtúrtha a chur i bhfeidhm, prótacail shoiléire a leagan amach agus freagracht chóir a choinneáil.

> **Bealaí cúraim a chur ar bhonn foirmiúil trí úsáid a bhaint as príomhtháscairí feidhmíochta agus monatóireacht ar thorthaí cliniciúla**

An aidhm atá againn ná bealaí cúraim fianaise-bhunaithe struchtúrtha a bhunú ar fud ár speisialtachtaí, agus úsáid a bhaint as PTFanna agus monatóireacht ar thorthaí chun cóireáil ardchaighdeán sheasmhach a chinntiú, feidhmíocht a rianú, agus torthaí othar a fheabhsú go leanúnach.

> **Cleachtais rialachais chomhroinnte a fhorbairt sa cheantar chun tacú le cúram comhtháite agus aistrithe sábháilte cúraim**

An aidhm atá againn ná aistrithe atá réidh, caighdeánaithe, agus othar-lárnach a chinntiú lenár Limistéar Sláinte Comhtháite agus ar aghaidh.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

> Cuirfear ár dtosaíochtaí agus spriocanna straitéiseacha i bhfeidhm de réir pleananna an Ghrúpa Bainistithe Feidhmiúcháin, pleananna rannacha agus pleananna forbartha foirne.

> Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar ár struchtúir chliniciúla, chorpáideacha, agus bhainistíochta de réir Caighdeáin JCI agus cuirfear aon athruithe a mholtar i bhfeidhm.

> Beidh tuiscint iomlán ar ár ról maidir le rialachas agus feidhmiú na n-ospidéal roghnach nua agus na mol máinliachta agus déanfar taifead air seo.

Laistigh de thrí bliana:

> Beidh Creidiúnú JCI againn

> Beidh cur chuige seasmhach ar fud an ospidéil maidir le hiniúchtaí seirbhíse agus feabhsú cáilíochta.

> Beidh bealaí cúraim foirmeálta do ghalair choitianta agus d'aistrithe othar idir Ospidéal Beaumont agus áiseanna cúraim pobail.

Laistigh de chúig bliana:

> Déanfar ailíniú ar gach páirt den ospidéal trí struchtúir bhainistíochta agus rialachais is fearr a chuirfidh ar ár gcumas Beartais Sláinte Náisiúnta reatha agus amach anseo a chur i bhfeidhm

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 04

Ár mBonneagar Fisiciúil, Diagnóiseach agus Digiteach

Is bunchloch é ár mbonneagar fisiciúil, digiteach agus diagnóiseach dár gcumas freastal ar éilimh chúraim sláinte atá ag dul i méid.

Cé go bhfuil sé riachtanach infheistíocht a dhéanamh maidir le háiseanna reatha a uasghrádú, tá géarghá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh i mbonneagar fhisiciúil othar cónaitheach, cúram éigeandála, Aonad Dianchúraim, ailse agus néareolaíochtaí de bharr an easpa infheistíochta caipitil in Ospidéal Beaumont le deich mbliana anuas.

Cuireadh tús lenár dturas suntasach um athrú digiteach agus leanfaimid ar aghaidh leis seo, rud a chuirfidh ardchórais dhigiteacha i bhfeidhm. Déanfaidh na córais seo cuíchóiriú ar obráidí ospidéil, feabhsóidh siad cumarsáid ar fud na rannóg, agus tacóidh siad le cinntí cliniúla sonraí-bhunaithe. Táimid tiomanta do dhlús a chur le hamanna measúnaithe, agaí feithimh a laghdú, agus beachtas na dtorthaí tástálacha a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh diagnóiseach den chineál is úire.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **Infheistíocht a urrú do bonneagar a bhfuil géarghá leis**

An aidhm atá againn ná bloc barda nua 95 leaba, rannóg éigeandála nua atá oiriúnach dá feidhm, aonad ionscópachta trí stór, agus foirgneamh cúraim chriticiúil nua ceithre urlár a thógáil, Teach Ghort na Carraige, Naomh Áine, agus Beaumont a athchóiriú agus ár bpleananna do Cheathrú Ailse agus Institiúid Néareolaíochta den chéad scoth a chur chun cinn.

> **Úsáid an bhonneagair reatha a uasmhéadú**

An aidhm atá againn ná athdhearadh agus athchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidimid ár n-áiseanna reatha chun acmhainneacht a mhéadú, agaí feithimh a laghdú agus éifeachtacht, sreabhadh othar, agus cáilíocht cúraim a fheabhsú.

> **Ár gcumas digiteach agus úsáid na teicneolaíochta digití agus seirbhísí á soláthar a athrú ó bhonn**

An aidhm atá againn ná glacadh le hardteicneolaíochtaí digiteacha, IS, agus tionscnaimh náisiúnta um shláinte dhigiteach amhail an Ríomhthaifead Sláinte (EHR), clár Bardaí Fíorúla FSS agus Taifid Chúraim Chomhroinnte FSS agus iad seo a chur i bhfeidhm chun idir eispéireas othar agus éifeachtúlacht oibríochtúil a fheabhsú.

> **Ardíomháú agus cumas diagnóiseach saotharlainne a mhéadú**

An aidhm atá againn ná infheistíocht a urrú d'ardíomháú agus don tsaotharlann, lena n-áirítear géanómaíocht, chun tacú le diagnóisí níos tapa agus torthaí othar níos fearr.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

- > Déanfar dul chun cinn inbhraite ar ár dtionscadail forbartha caipitil a chur chun cinn tríd an bPróiseas Forbartha Caipitil.
- > Tiocfaidh feabhas ar phróiseáil íomháu diagnóiseach agus úsáid obrádlainne trí úsáid a bhaint as IS.
- > Tiocfaidh feabhas ar shreabhadh othar tríd an rannóg éigeandála, lena dtacóidh sainbhealaí cúraim agus rochtain níos fearr ar dhiagnóisic

Laistigh de thrí bliana:

- > Beidh ról lárnach ag Ospidéal Beaumont maidir le tionscnaimh dhigiteacha réigiúnacha agus náisiúnta amhail an Ríomhthaifead Sláinte (EHR), clár Bardaí Fíorúla FSS agus Taifid Chúraim Chomhroinnte FSS.
- > Beidh spásanna fisiciúla agus digiteacha atá oiriúnach dá bhfeidhm chun tacú le bealaí cúraim digiteacha, cúram othar, agus oiliúint foirne.
- > Déanfar dul chun cinn ar ár gCeathrú Ailse agus Institiúid Néareolaíochta tríd an bPróiseas Forbartha Caipitil FSS.

Laistigh de chúig bliana:

- > Beidh timpeallacht fhisiciúil chuimsitheach, nua-aimseartha, agus an-fheidhmiúil d'othair agus don fhoireann.
- > Beidh rochtain ar thaifid sláinte othar sábháilte, réidh agus idircheangailte ar fud Beaumont agus a chomhpháirtithe.
- > Beidh rochtain níos fearr ar ard-diagnóisic.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 05

Ár bPróifíl Seirbhíse Náisiúnta, Réigiúnach, agus Áitiúil

Tá ról ríthábhachtach ag Beaumont mar sholáthraí cúraim sláinte laistigh dár bpobal féin agus de Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Thoir Thuaidh ach mar ionad barr feabhais a aithnítear go náisiúnta do speisialtachtaí casta freisin, lena n-áirítear ailse, néareolaíocht, agus trasphlandú duáin.

Trí aird a dhíriú ar ár bpróifíl seirbhíse, tá sé ar intinn againn ár seasamh mar phríomhospidéal Náisiúnta Múnla 4 a neartú, a aithneofar as ardchúram othar-

lárnach a sholáthar ar fud speisialtachtaí éagsúla, agus as cur le nuálaíocht cúraim sláinte ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Táimid tiomanta d'ionaid barr feabhais Beaumont a aithnítear go náisiúnta a fheabhsú, go háirithe maidir le hailse, néareolaíocht agus cúram trasphlandaithe duáin, ár bpróifíl mar ospidéal dílis a fhorbairt agus a neartú, agus bonn a chur faoinár seasamh mar phríomhsholáthraí máinliachta casta agus ardchúraim laistigh de Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **Ár n-ionaid barr feabhais ailse, néareolaíochta agus trasphlandú duáin a aithnítear go náisiúnta a fheabhsú**

An aidhm atá againn ná ionaid barr feabhais Beaumont ailse, néareolaíochta agus cúraim trasphlandaithe duáin a aithnítear go náisiúnta a fhorbairt trí infheistíocht státchiste agus nach bhfuil ón státchiste a urrú i dtrealamh agus bonneagar nua-aimseartha, ardchóireáil agus saineolas idirdhisciplíneach.

> **Próifíl agus branda Ospidéal Beaumont a fhorbairt**

An aidhm atá againn ná próifíl phoiblí Ospidéal Beaumont a ardú trí aird a dhíriú ar ár mbarr feabhas, ár gcáilíocht, agus ár dtáirgiúlacht trí rannpháirtíocht ghníomhach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an pobal, pearsana polaitiúla, agus na meáin.

> **Máinliacht chasta agus ardchúram a threorú i Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt**

An aidhm atá againn ná a bheith an príomhospidéal maidir le máinliacht chasta agus ardchúram i Réigiún FSS Bhaile Átha Cliath agus an Oirthuaiscirt, agus ár seirbhísí a bharrfheabhsú chun cúram an-chasta Múnla 4 a sholáthar agus tacú le háiseanna réigiúnacha.

> **Cúram comhtháite agus athrú digiteach a spreagadh**

An aidhm atá againn ná rochtain ar chúram a fheabhsú trínár dtionscnaimh um athrú digiteach agus cúram comhtháite a sholáthar, aistrithe cúraim a chuíchóiriú agus agáí feithimh cóireála a laghdú trí oibriú go dlúth le soláthraithe cúraim sláinte pobail agus moil ospidéal agus cóireála eile.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

- > Bunófar aonad cumarsáide nua lena chinntiú go bhfuil an pobal, ionadaithe polaitiúla, na meáin agus príomhpháirtithe leasmhara eile ar an eolas faoi Ospidéal Beaumont.
- > Déanfar cuístruchtúrú ar chastacht cúraim agus ar phróifílí déimeagrafacha othar dár seirbhísí cliniciúla.
- > Beidh ról gníomhach againn maidir leis an gClár um Moil Máinliachta agus Ospidéal Roghnacha a chur i bhfeidhm.

Laistigh de thrí bliana:

- > Déanfaidh Eagraíocht Institiúidí Ailse na hEorpa (OECI) creidiúnú ar Ionad Ailse RCSI Beaumont mar Ionad Ailse Cuimsitheach.
- > Forbróidh an tSeirbhís Náisiúnta um Thrasphlandú Duáin chun freastal ar tuilleadh othar, agus cuirfidh tuisceant níos fearr ar thrasphlandú deontóirí beo agus athruithe reachtáíochta leis seo.
- > Cuirfear measúnuithe indéantachta i gcrích do Cheathrú Ailse RCSI Beaumont agus d'Institiúid Néareolaíochta, agus faomhfar na ceadanna pleananna riachtanacha.

Laistigh de chúig bliana:

- > An aidhm cúig bliana atá againn ná go n-aithneofar seirbhísí náisiúnta, for-réigiúnacha, réigiúnacha agus áitiúla an ospidéal go poiblí as a gcáilíocht, a mbarr feabhais agus a dtáirgiúlacht. Táimid an-iomaíoch maoiniú státchiste agus nach bhfuil ón státchiste a fháil chun tacú le rochtain níos fearr ar ard-diagnóisic, cóireáil agus cúram máinliachta casta a sholáthar.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 06

Ár gComhpháirtíochtaí Cliniciúla, Oideachais agus Taighde

Táimid tiomanta dár gcumas, ár n-inniúlacht agus ár gcáil maidir le hoideachas agus taighde leighis ardchaighdeán a fhorbairt, trí chomhpháirtíochtaí le hollscoil Leighis agus Eolaíochtaí Sláinte RCSI, carthanachtaí, lucht tionscail agus ollscoileanna eile, go háirithe Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath maidir le hoideachas agus oiliúint altraí.

Cuirfidh comhthionscnaimh lenár gcomhpháirtithe cúraim pobail níos mó cúram comhtháite ar fáil agus cinnteoidh siad cúram atá seasmhach agus leanúnach. Beimid in ann an dul chun cinn is déanaí sa leigheas a chomhtháthú lenár gcleachtais, tuilleadh rochtana ar thrialacha cliniciúla a sholáthar, agus cur leis an dul chun cinn sa leigheas tríd an gcomhoibriú seo le RCSI a neartú.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **Ár gcumas, ár n-inniúlacht agus ár dtionchar a fhorbairt trí chomhpháirtíocht le RCSI, carthanachtaí, lucht tionscail agus ollscoileanna eile**

An sprioc atá againn ná cur leis an ról atá againn maidir le cúram, oideachas agus taighde ardchaighdeáin a sholáthar trí chomhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt le hollscoileanna, carthanachtaí agus lucht tionscail.

> **Taighde a bhraitheann ar chomhpháirtíocht othar agus forbairt seirbhísí a chumasú**

An aidhm atá againn ná taighde a bhraitheann ar chomhpháirtíocht othar a chomhtháthú go hiomlán le cúram, rochtain othar ar thrialacha cliniciúla a mhéadú, nuálaíocht a chothú agus cur ar chumas ár n-othar cabhrú le seirbhísí a fhorbairt.

> **Timpeallacht oideachais agus teagaisc ardchaighdeáin a sholáthar**

An aidhm atá againn ná a bheith an príomhshuíomh d'oideachas cúraim sláinte in Éirinn trí chlár oiliúna a fhorbairt i gcomhar le RCSI agus ollscoileanna eile chun mic léinn a ullmhú do dhúshláin a bhaineann le cúram othar a thiocfaidh rompu san fhíorshaol trí neart taithe praiticiúla a fháil ar ghéarchúram agus ar chúram comhtháite.


> **Úsáid áiseanna roghnacha, satailíte agus pobail a uasmhéadú inár gceantar**

An aidhm atá againn ná cúram othar a sholáthar thar bhallaí traidisiúnta an ospidéal seo trí áiseanna roghnacha, satailíte agus pobail a threisiú, iontrálacha ospidéal a laghdú, agus comhpháirtíochtaí a chur ar bhonn foirmiúil d'aistrithe cúraim réidh ardchaighdeáin ar fud Réigiún Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Thoir Thuaidh.

> **Cumarsáid réamhghníomhach a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe agus lenár bpáirtithe leasmhara ospidéal**

An aidhm atá againn ná muinín a chothú trí chumarsáid shoiléir, réamhghníomhach le páirtithe leasmhara ár seirbhísí, éachtaí, agus nuálaíochtaí.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

- > Bunófar Oifig Taighde chomhtháite nua chun laghdú 50% ar amlínte gníomhachtaí trialach cliniciúla a éascú.
- > Beidh níos mó for-rochtana agus rannpháirtíochta le cúram comhtháite agus moil phobail, dochtúirí ginearálta, agus tithe altranais.
- > Tiocfaidh feabhas ar bhonneagar cógaisíochta.
- > Bunófar Institiúid Taighde Aistritheach RCSI Beaumont (TRI) chun fionnachtain agus dul chun cinn rudaí amhail diagnóisic nua, teiripic, gléasanna leighis agus réitigh a bhaineann le soláthar an chúraim sláinte a spreagadh trí chur chuige “aistritheach”, ildisciplíneach, an-chomhoibrioch.

Laistigh de thrí bliana:

- > Forbrófar naisc oideachais le RCSI agus ollscoileanna eile d'oiliúint leighis fochéime agus iarchéime agus oideachas maidir le cógaisíocht, fisiteiripe, altranais, sláinte dhigiteach, ionsamhlú agus bainistíocht cúraim sláinte.
- > Tacófar le Lónra Oinceolaíochta Radaíochta Naomh Lúcas (SLRON) a fhorbairt agus déanfar ár spriocanna cúraim cliniciúil, oideachais, agus taighde a ailíniú.

Laistigh de chúig bliana:

- > Beidh Beaumont an suíomh a roghnaíonn mic léinn agus oiliúnaithe cúraim sláinte ar fud na tíre.
- > Beidh tionchar taighde suntasach ann agus bainfidh ar a laghad 20% dár bhfoilseacháin taighde fachtóir tionchair >5.
- > Tiocfaidh méadú mór ar líon na ndeiseanna ar fáil d'othair páirt a ghlacadh i dtrialacha cliniciúla.

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 07

Ár bhFeidhmíocht, Ár dTáirgiúlacht agus Ár nInbhuanaitheacht

Trí aird a dhíriú ar tháirgiúlacht, feidhmíocht agus inbhuanaitheacht, tá sé ar intinn againn luach dár n-acmhainní a bharrfheabhsú, tionchar timpeallachta a laghdú, agus ar deireadh, cúram sláinte níos inbhuanaithe is níos éifeachtaí a sholáthar.

Aithníonn ár dtiomantas do chleachtais inbhuanaithe an freagracht atá againn mar sholáthraí cúraim sláinte chun cur le sláinte agus folláine na nglúnta atá le teacht agus trí aird leanúnach a dhíriú ar éifeachtacht oibríochtúil, beimid in ann cúram níos fearr agus níos tapa a sholáthar trí leas iomlán a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil.



Chun é sin a dhéanamh, d'aithníomar gníomhartha áirithe agus tabharfaimid fúthu chun:

> **Cruthaitheacht agus nuálaíocht a chothú chun éifeachtacht agus táirgiúlacht a fheabhsú**

An aidhm atá againn ná cruthaitheacht, nuálaíocht agus teicneolaíocht nua a chothú chun sreafaí oibre a chuíchóiriú, scrogaill a bhaint, agus eispéiris othar a fheabhsú.

> **Ár n-acmhainneacht maoinithe ata bunaithe ar ghníomhaíocht a bhaint amach**

An aidhm atá againn ná castacht seirbhíse a ghabháil go beacht chun teacht ar an maoiniú atá ag teastáil chun éifeachtacht seirbhíse agus cúram othar a fheabhsú.

> **Úsáid na faisnéise gnó digití a uasmhéadú chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht agus tacú léi**

An aidhm atá againn ná feidhmíocht ospidéal agus torthaí othar a fheabhsú trí chinnteoireacht sonraí-bhunaithe, úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha ardleibhéil chun léargais fíor-ama a sholáthar, rud a chuirfidh ar chumas cliniceoirí agus riarthóirí treochtaí a aithint, acmhainní a bharrfheabhsú, agus cinntí eolacha tábhachtacha a dhéanamh.

> **Úsáid acmhainní a bharrfheabhsú chun táirgiúlacht agus luach a fheabhsú**

An aidhm atá againn ná táirgiúlacht agus torthaí othar a neartú trí úsáid acmhainní a bharrfheabhsú lena n-áirítear foireann, acmhainní agus trealamh chun cúram ardchaighdeáin a sholáthar go héifeachtúil.

> **Ár dtionchar timpeallachta a íoslaghdú trí chleachtais inbhuanaithe**

An aidhm atá againn ná cleachtais inbhuanaithe a chomhtháthú le hoibríochtaí ospidéal, rud a laghdóidh astaíochtaí carbóin, úsáid uisce agus dramhaíl chun an lorg timpeallachta a íslíú.

TIONCHAR



Laistigh de bhliain:

- > Cuirfear tascfhórsaí táirgiúlachta agus inbhuanaitheachta nua ar bun ar fud an Ospidéal.
- > Cuirfear castacht ár seirbhísí in iúl go beacht inár bpróifíl maoinithe atá bunaithe ar ghníomhaíocht.

Laistigh de thrí bliana:

- > Cuirfear cuir chuige chúraim sláinte atá éifeachtach agus luach-bhunaithe i bhfeidhm ar fud na rannóg go léir.
- > Úsáidfear an obrádlann níos minice mar fadófar uaireanta oibre le linn na seachtaine agus ag an deireadh seachtaine.
- > Beidh tuarascálacha ar fheidhmíocht oibríochtúil ar fáil san fhíor-ama, agus beidh rochtain láithreach ar mhéadracht feidhmíochta rithábachtach mar gheall ar chumais léirshamhlaithe dhigiteacha.

Laistigh de chúig bliana:

- > Tiocfaidh feabhas mór ar tháirgiúlacht, a léireoidh príomh-mhéadracht amhail laghdú ar fhad fanachta, laghdú ar iontrálacha éigeandála, sreabhadh othar níos fearr, agus torthaí othar níos fearr.
- > Tiocfaidh laghdú mór ar ár lorg carbóin, úsáid uisce, agus táirgeadh dramhaíola

Straitéis a Chur i bhFeidhm agus Rath a Mheas

Táimid an-tiomanta do rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn agus do chur chun feidhme rathúil dár spriocanna straitéiseacha a chinntiú. Beidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i gceannas ar an straitéis, rud a léiríonn a tábhacht maidir le fíis agus todhchaí na heagraíochta. Lena chinntiú go n-éireoidh leis an straitéis, ceapfar Bainisteoir Tionscadail Straitéise tiomnaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme, iarrachtaí comhoibrithe, agus aird a dhíriú ar ár spriocanna a bhaint amach.



Cuirfear rianú an dul chun cinn i bhfeidhm i ngach leibhéal dár n-eagraíocht. Comhtháthófar ár seacht dtosaíocht straitéiseacha agus na spriocanna lena mbaineann le sreafaí an Ghrúpa Bainistithe Feidhmiúcháin (EMB), pleananna rannacha, agus spriocanna forbartha aonair. Cinnteoidh an comhréiteach seo go bhfuil gach duine rannpháirteach go gníomhach agus freagrach as ár bhfíis chomhroinnte a bhaint amach.

Chun tacú leis seo, bainfimid úsáid as Rianaire Gníomhaithe Comhphointe (SharePoint) chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme gach gníomhaithe. Sannfar teideal soiléir, ceannasaí EMG, comhcheannasaí, úinéirí garsprice, dátaí críochnaithe atá beartaithe agus stádas maidir le dul chun cinn ar gach gníomh. Déanfaidh an rianaire taifead ar phríomhéachtaí, dúshláin, agus aon athruithe riachtanacha, rud a chruthóidh uirlis thrédhearcach agus dhinimiciúil chun bainistíocht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Déanfaidh ceannasaithe uasdátú ar an rianaire ar bhonn ráithiúil, agus tabharfaidh siad léargais rialta ar dhul chun cinn agus aithneoidh siad aon bhac.

Cuirfear Tuarascáil Ráithiúil ar Dhul Chun Cinn maidir leis an Straitéis a Chur i bhFeidhm faoi bhráid an Bhoird chun móiminteam a choinneáil agus freagracht a chinntiú. Tuigimid an tábhacht a bhaineann le héachtaí a cheiliúradh, agus mar sin, tabharfaimid aird ar “na chéad bhuanna” chun dul chun cinn inbhraite a léiriú agus tuilleadh iarrachtaí a spreagadh.

Ina theannta sin, déanfaidh an Bord Mionanailís Bhliantúil ar na seacht dtosaíocht straitéiseacha. Déanfaidh na hathbhreithnuithe cuimsitheacha seo príomhéachtaí a aithint, dul chun cinn maidir lenár spriocanna a mheas, agus na chéad chéimeanna eile a bheachtú. Tar éis na hathbhreithnuithe seo a dhéanamh, scaipfimid príomhéachtaí agus spriocanna atá le teacht ar fud na heagraíochta, chun thrédhearcacht agus úinéireacht chomhroinnte ár straitéise a chinntiú.





Beaumont Hospital
Ospidéal Beaumont